# 4. An Beart a Dhéanamh i dTástálacha Réasúnaíochta Briathartha

I saol na tástála caighdeánaithe, úsáidtear an téarma "réasúnaíocht bhriathartha" go coitianta agus tagairt á déanamh do chineálacha éagsúla tástála a bhaineann le léirmhíniú agus tuiscint téacsanna. Cé nach n-úsáideann EPSO ach ceann amháin de na cineálacha tástála réasúnaíochta briathartha sin faoi láthair, i gcuid de na múnlaí thíos tomhaistear na scileanna ar a mbunaítear na tástálacha réasúnaíochta briathartha a bhíonn in úsáid ag EPSO le hiarrthóirí a thástáil. Mar sin, is fiú breathnú go tapa ar gach ceann acu sin:

- **Tástálacha litrithe:** tá siad seo ann le tástáil a dhéanamh ar chumas duine focail a litriú i gceart agus freisin le dealú a dhéanamh ar fhocail a bhfuil litriú comhchosúil orthu ach bríonna atá difriúil go hiomlán nó go páirteach (mar shampla, "barúil" agus "barrúil" nó an litriú ceart ar "teileafótagrafaíocht")
- **Tástálacha brí focal:** tá siad seo ann leis an stór focal atá ag duine a thomhas mar aon le cumas an duine sin an sainmhíniú is fearr a roghnú ar fhocail a bhfuil bríonna casta leo (mar shampla, brí "cráiteacht" nó "leath-thagairt" a aithint i gceart)
- **Tástálacha gaoil focal:** tá siad seo ann le tástáil a dhéanamh ar chumas duine an gaol idir dhá choincheap a dhéanamh amach bunaithe ar analach nó comhchosúlacht a dhéanamh le péire eile coincheap (mar shampla, "an gaol idir an dlí agus an t-ainrialachas, is ionann é agus an gaol idir an leigheas agus …")
- **Tástálacha tuisceana:** tá siad seo ann le tomhas a dhéanamh ar chumas duine téacsanna casta a thuiscint agus a chinneadh an bhfuil ráitis i dtaobh téacs áirithe ceart, mícheart nó an amhlaidh nach féidir a bheith cinnte (is é seo an cineál "clasaiceach" a úsáideann EPSO)
- **Tástálacha tátail bhriathartha:** is iad seo na cleachtaí réasúnaíochta briathartha is sofaisticiúla – déantar tomhas iontu ar chumas an léitheora teacht ar thátail chearta loighciúla, bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil (mar shampla, téacs ina bhfuil cur síos ar nósanna cúplála na bpiongainí agus ceisteanna éagsúla ina dhiaidh sin ar nós "Céard iad na dálaí cearta le go dtosódh piongainí ag cúpláil?", "Cén chaoi a dtarraingíonn piongainí fireanna aird orthu féin?" etc.; is cur chuige é seo atá éagsúil go leor le ceisteanna den sórt "Cé acu de na ráitis seo a leanas atá bréagach?"

Is é cur chuige na tástála tuisceana an cur chuige is cóngaraí, ó thaobh dearaidh de, do thástálacha réasúnaíochta briathartha EPSO. Is léir, áfach, go mbíonn dea-fheidhmíocht i dtástáil tuisceana bunaithe ar chumas an iarrthóra litriú ceart a aithint, an bhrí atá le nathanna casta a aithint agus an gaol idir coincheapa éagsúla a aithint. Maidir leis sin, tá an cineál seo tástála ag barr ordlathais – bíonn dea-thoradh ar an tástáil tuisceana ag brath ar scileanna a eascraíonn as dea-fheidhmíocht ar gach ceann de na leibhéil ísle.

Sa mhéid seo a leanas, tabharfaimid spléachadh ar roinnt pointí ar chóir breathnú orthu i dtéacs, chomh maith le roinnt modhanna agus scileanna a bhféadfaí, ach máistreacht a fháil ar na modhanna agus na scileanna sin, do chuid feidhmíochta a fheabhsú go mór dá mbarr. Áirítear orthu sin:

- An chaoi a ndéantar tástálacha réasúnaíochta briathartha a dhearadh
- An ról a bhíonn ag topaicí a bhfuil eolas againn orthu agus topaicí nach bhfuil
- Foinsí faisnéise
- Toimhdí
- Ráitis chearta i gcomparáid le ráitis mhíchearta
- Ráitis neaschoibhéiseacha i gcomparáid le ráitis atá díreach mar an gcéanna
- Faisnéis a fhágáil ar lár
- Ginearáltacht i gcomparáid le sonraíocht
- Cinntithigh agus cainníochtaí

- Minicíocht
- Briathra: aimsir agus modh
- Cúisíocht i gcomparáid le croineolaíocht

Ní mór dúinn a lua anseo go bpléitear roinnt de na modhanna agus na leideanna a phléitear sa chaibidil seo i gcomhthéacs ceisteanna tástála sa Ghaeilge – ní chiallaíonn sé sin, áfach, nach féidir iad a chur i bhfeidhm le tástálacha a dhéanamh i dteangacha eile freisin. Lena chois sin, formhór mór na straitéisí tástála a phléitear anseo, tá siad neamhspleách ar aon teanga áirithe; tá an-tairbhe le baint astu agus na tástálacha seo á ndéanamh in aon teanga.

Déanfaimid plé freisin ar an mbealach is fearr le déileáil le gach ceist sa tástáil, an t-ord a mholtar leis na codanna éagsúla den tástáil (an téacs, an cheist agus na freagair-roghanna) a léamh agus na modhanna molta le cleachtadh a dhéanamh don tástáil.

Tugtar léargas sa tástáil shamplach thíos ar na cineálacha ceisteanna tástála a úsáideann EPSO faoi láthair chomh maith leis an leibhéal deacrachta ar cheart a bheith ag súil leis i gcomórtas de chuid EPSO. Is éard atá ann:

- Sliocht téacs idir 100 agus 200 focal
- Ceist chaighdeánach ina bhfiafraítear cé acu de na ráitis a thugtar atá ceart nó fíor
- Ceithre ráiteas mar fhreagair-roghanna; ceann amháin acu sin an freagra ceart, i.e. an t-aon ráiteas atá ceart

### Tástáil Shamplach

Baineann baictéir atá ag fás sa neasdorchadas úsáid as próiseas nach raibh ar eolas roimhe seo le fuinneamh a dhéanamh agus ocsaigin a tháirgeadh ó sholas na Gréine – sin a fuair foireann taighde amach. Mar thoradh ar an bhfionnachtain sin, is féidir anois tabhairt faoi thaighde breise atá dírithe ar fhás plandaí a fheabhsú agus ar fhuinneamh a bhaint as an nGrian.

"Léiríomar, i gcás roinnt cianabaictéar, ar a dtugtar 'algaí gormghlasa' freisin, gur féidir leo fás i dtonnfhaid chiandearga solais – raon nach mbíonn le feiceáil go maith ag formhór na ndaoine," a dúirt duine de na taighdeoirí. "Ní bhíonn an solas sin 'le feiceáil' ag formhór na gcianabaictéar ach an oiread. Ach táimid tar éis teacht ar fhoghrúpa nua atá in ann é a ionsú agus a úsáid, agus thángamar ar chuid de na bealaí spéisiúla a ndéanann siad a gcuid géinte a ionramháil le go bhfásfaidh siad agus gan ach na tonnfhaid sin amháin á n-úsáid acu," a dúirt sé.

Léiríodh sna turgnaimh go dtagann na cianabaictéir sin in ionad seacht gcinn déag de phróitéiní i dtrí mhór-choimpléasc ina n-úsáidtear solas agus ag an am céanna go ndéanann siad freisin líocha clóraifille nua atá in ann an solas ciandearg a ghabháil. Fuair na heolaithe amach freisin go ndéanann na horgánaigh an méid sin trí líon mór géinte a chur ar siúl go tapa chun an mheitibileacht a mhodhnú agus go ndéanann siad líon mór géinte eile a mhúchadh ag an am céanna.
(Aistriúchán ar alt in *Science Daily*, 26 Lúnasa 2014)

*Cén acu de na ráitis seo a leanas atá ceart?*

A. An mheicníocht trína ndéanann roinnt cianabaictéar solas ciandearg a ghabháil, b'fhéidir go mbeifí in ann í a úsáid amach anseo le leas a bhaint as cumhacht na Gréine.
B. Baineann algaí gormghlasa úsáid as solas ciandearg – cuireann siad trí phróitéin ina n-úsáidtear solas in ionad líocha clóraifille.
C. Tá roinnt cianabaictéar ann nach féidir leo tabhairt faoi ghníomhachtú na ngéinte atá riachtanach le solas ciandearg a ionsú, toisc nach bhfuil na próitéiní riachtanacha iontu.
D. Faoin bpróiseas ionsúite solais a bhfuil cur síos air anseo, déantar próitéiní nua a chur in ionad 17 bpróitéin atá ann cheana, ach ní gá athruithe móra géiniteacha a dhéanamh.

Déanfaimid breithniú anois ar na fachtóirí agus na modhanna atá liostaithe thuas, ceann ar cheann. Ach sula ndéanaimid é sin, ní mór dúinn léargas éigin a fháil ar an gcaoi a ndéanann na húdair na tástálacha réasúnaíochta briathartha a dhearadh – má thuigeann tú na coincheapa agus na straitéisí atá taobh thiar de na tástálacha réasúnaíochta briathartha, tiocfaidh na tástálacha sin leat i bhfad níos éasca.

## *Conas a dhéantar tástálacha réasúnaíochta briathartha a dhearadh?*

Tá síceolaithe ann arb é a speisialtacht tástálacha síciméadracha a chruthú; nuair a dhéanann na síceolaithe sin ítimí réasúnaíochta briathartha a dhearadh, leanann siad dhá chéim dhearaidh:

1. Píosa oiriúnach téacs a scríobh.
2. Freagair-roghanna oiriúnacha a cheapadh.

Féachaimis anois ar na pointí a chuirtear san áireamh sa dá chéim seo.

**1. Píosa oiriúnach téacs a roghnú**

Agus sleachta á roghnú i gcomhair téacs réasúnaíochta briathartha, cuirtear pointí éagsúla san áireamh, mar shampla:

- An bhfuil éagsúlacht mhaith sa téacs ó thaobh briathra, ainmfhocal, aidiachtaí agus mar sin de?
- An bhfuil leibhéal oiriúnach deacrachta ag gabháil leis an bhfoclaíocht chun críocha na tástála (e.g. le hiarrthóirí do phost an Chúntóra nó an Riarthóra san Aontas Eorpach a mheas?)
- An bhfuil an téacs saor ó bhéarlagair?
- An mínítear giorrúcháin uair amháin, ar a laghad, sa téacs?
- An bhfuil an téacs saor ó thopaicí a d'fhéadfadh a bheith do-ghlactha ó thaobh na polaitíochta, na moráltachta nó na heitice de?

Is ceist chasta í deacracht an téacs agus na foclaíochta: is leor a rá go dtugtar san áireamh rudaí amhail fad na n-abairtí (líon na bhfocal) nó fad agus castacht na bhfocal féin.

**2. Freagair-roghanna oiriúnacha a cheapadh**

Is é cumadh na bhfreagair-roghanna an tasc is deacra agus is tábhachtaí ó thaobh dhearadh na dtástálacha réasúnaíochta briathartha. Tugaimis spléachadh ar na cineálacha freagair-roghanna atá ann – má bhíonn tú eolach ar na cineálacha freagair-roghanna a d'fhéadfadh a bheith romhat, beidh tú i riocht maith agus tú ag tabhairt faoi phróiseas réamhroghnúcháin EPSO.

***Ráitis atá "Ceart" nó "Fíor":*** Bíonn sé follasach soiléir go bhfuil ráitis dá leithéid fíor, bunaithe ar an bhfaisnéis sa téacs. Ní bhíonn aon fhaisnéis sheachtrach ag teastáil lena gcruinneas a chruthú; is féidir an méid sin a dhéanamh amach óna bhfuil sa sliocht féin agus trí thátail a bhfuil bunús maith leo a bhaint as an sliocht. Ar ndóigh, ní bhíonn ach aon abairt amháin dá leithéid i ngach mír réasúnaíochta briathartha, agus is é an ráiteas sin an freagra ceart. Is fiú a thabhairt faoi deara go bhféadfadh tionchar mór a bheith ag an gcaoi a gcuirtear an ráiteas in iúl ar dheacracht na míre tástála.

- An bhfuil nathanna in úsáid sa fhreagra ceart atá cosúil le cinn atá le fáil sa téacs? Dá chosúla atá an fhoclaíocht is amhlaidh is fusa atá sé a aithint gurb é an ráiteas ceart é.
- An ionann an freagra ceart agus leagan de ráiteas sa sliocht ach foclaíocht úr curtha air, nó an tátal é a fhéadfar a bhaint amach trí leas a bhaint as roinnt píosaí faisnéise ó chodanna éagsula den sliocht?

***Ráitis atá "Mícheart nó "Bréagach"***: Bíonn sé follasach soiléir go bhfuil ráitis dá leithéid mícheart, bunaithe ar an bhfaisnéis sa sliocht. Is tábhachtach a shonrú go bhfuil na ráitis seo gan bhunús (is é sin le rá, níl aon fhianaise ann go bhfuil siad ceart nó mícheart) agus anuas air sin gur féidir iad a bhréagnú go follasach trí leas a bhaint as an bhfaisnéis atá sa téacs. Arís eile, bíonn an deacracht lena leithéid de ráitis a aithint i dtuilleamaí an iomad tosca:

- An bhfuil cuid den ráiteas ceart? Má tá, b'fhéidir gur deacra a thuiscint gur ráiteas mícheart é, mar nach bhfuil ach cuid den fhaisnéis atá ann mícheart.
- An bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh eolas ag lucht déanta na tástála ar an ábhar atá faoi chaibidil sa sliocht? Má tá, tá sé i bhfad Éireann níos fusa a shocrú go bhfuil ráiteas mícheart, mar go mbeidh a fhios ag formhór na n-iarrthóirí go bhfuil sé bréagach agus "seasfaidh sé amach" láithreach bonn.

B'fhéidir go gceapfá anois nach bhfuil i dtástálacha réasúnaíochta briathartha ach an dá chineál ráitis thuas, ach feicfimid ar ball beag go bhfuil cineál ráitis eile ann a dhéanann na cúrsaí go léir i bhfad Éireann níos casta. Dá ainneoin sin, feicimid go mbíonn an-éagsúlacht sa leibhéal deacrachta a ghabhann le míreanna tástála nach mbaintear úsáid iontu ach as an dá chineál ráitis seo, bunaithe ar na tosca a luaitear thuas.

***Ráitis den chineál "Faisnéis easnamhach" nó "Ní féidir a rá":*** Siúd é an cineál ráitis is cúis leis an mearbhall is mó de ghnáth agus is é an tuisle is contúirtí é agus tástáil réasúnaíochta briathartha á déanamh. Baineann ráitis den chineál "faisnéis easnamhach" le ceann amháin de dhá aicme:

- Ráitis atá *mícheart* má mheastar iad i bhfianaise eolas seachtrach: is fusa a leithéid de ráitis a láimhseáil, mar go "n-aireoidh" tú go bhfuil siad mícheart – b'fhéidir go bhfuil a fhios agat go bhfuil an ráiteas mícheart bunaithe ar an eolas atá agat ar fhíricí, ach ní féidir an ráiteas a aicmiú mar cheann mícheart bunaithe ar fhaisnéis atá sa sleacht tástála amháin. Ar ámharaí an tsaoil, níltear ag súil go ndéanfaidh tú an méid sin – ach cuimhnigh go bhfuil **aon ráiteas nach féidir a chruthú go soiléir i bhfianaise na faisnéise sa sliocht "mícheart"** i gcomhthéacs tástáil réasúnaíochta briathartha.
- Ráitis atá *ceart* má mheastar iad i bhfianaise eolas seachtrach: is iad na ráitis sin is deacra a aithint mar go "n-aireoidh" tú go bhfuil siad ceart ar an gcéad léamh. An fáth a bhfuil siad contúirteach mar go bhfuil fonn ort go hiomasach aontú leis an ráiteas is eol duit a bheith fíor. An rud tábhachtach le cuimhneamh air anseo **gurb ionann an t-aon ráiteas ceart i dtástáil réasúnaíochta briathartha agus an ceann a bhfuil bunús iomlán leis agus atá cruthaithe go hiomlán i bhfianaise na faisnéise sa téacs**.

Tuigimid anois gan stró go ndéantar tástálacha réasúnaíochta briathartha a dhearadh trí úsáid a bhaint as aon mheascán de na cineálacha ráitis thuas.

Siúd iad a leanas cuid acu:

- 1 ráiteas fíor, 3 ráiteas bhréagacha: is dócha gurb é seo an cineál is fusa, mar gur furasta ráitis fhíora agus bhréagacha a aithint.
- 1 ráiteas fíor, 2 ráiteas bhréagacha, 1 ráiteas den chineál "faisnéis easnamhach" nó "ní féidir a rá": tá an tástáil seo pas beag níos deacra, mar, i dteannta an fhreagra chirt, go mb'fhéidir go "n-áireoidh" tú go bhfuil freagair-rogha bhreise amháin ceart – cuimhnigh ar na leideanna thuas agus beidh tú in ann an tuisle seo a sheachaint gan stró.
- 1 ráiteas fíor, 3 ráiteas den chineál "faisnéis easnamhach": siúd é an "sméar mhullaigh" de chuid tástálacha réasúnaíochta briathartha – an cineál is deacra amuigh. Is amhlaidh atá de bharr nádúr na gcineálacha ráitis a úsáidtear; b'fhéidir go n-aireoidh tú go bhfuil *gach uile cheann de na ceithre ráiteas* fíor ar an gcéad léamh, ach, arís eile, féadann tú fáil réidh leo siúd a bhfuil faisnéis easnamhach iontu ach cuimhneamh ar na prionsabail a ndéantar cur síos orthu thuas.

Bunaithe ar thaithí agus comhairliúchán a dhéanamh le síceolaithe saothair, beidh ar a laghad ráiteas amháin den chineál "faisnéis easnamhach" i bhformhór mór na gceisteanna tástála réasúnaíochta briathartha a thiocfaidh faoi do bhráid i gcomórtas Riarthóra de chuid EPSO agus is mór an seans go dtabharfaidh tú aghaidh ar roinnt ceisteanna ar a laghad ina mbeidh trí nó ceithre fhreagair-rogha den chineál sin. Mar sin féin, ba chóir go mbeifeá feasach air go bhfuil na meascáin eile a luaitear thuas ann freisin – is fearr glas ná amhras, mar a deirtear.

Déanaimis sampla nithiúil a mheas agus fillimis ar an mír thástála shamplach thuas. Déanaimis anailís ar na freagair-roghanna, bunaithe ar na critéir a leagamar amach.

*A. An mheicníocht trína ndéanann roinnt cianabaictéar solas ciandearg a ghabháil, b'fhéidir go mbeifí in ann í a úsáid amach anseo le leas a bhaint as cumhacht na Gréine.*

Is ráiteas fíor é seo a leanas:

- déantar cur síos sa sliocht ar an gcaoi ar féidir le baictéir áirithe solas ciandearg a úsáid agus a ionsú
- deirtear sa sliocht go bhfuil an bhunchloch á leagan le haghaidh tuilleadh taighde de bharr na fionnachtana seo
- ar na réimsí taighde don todhchaí a luaitear tá leas a bhaint as fuinneamh na Gréine
- féadaimid an tátal seo a leanas, a bhfuil an-bhunús léi, a bhaint as an méid sin, is é sin go bhféadfaí úsáid a bhaint as an meicníocht amach anseo le leas a bhaint as cumhacht na Gréine

*B. Baineann algaí gormghlasa úsáid as solas ciandearg – cuireann siad trí phróitéin ina n-úsáidtear solas in ionad líocha clóraifille.*

Tá an ráiteas seo bréagach. Cé go bhfuil bunús le gach cuid den ráiteas sa sliocht téacs, tá na codanna sin curtha amú go hiomlán. Is é 17 líon na bpróitéiní, is é trí líon na gcoimpléasc ina úsáidtear solas. Rud eile de, ní chuirtear rudaí eile in ionad líocha clóraifille, is amhlaidh a dhéantar líocha clóraifille nua a fhás. An t-aon chuid den ráiteas atá ceart is ea an chuid ina ndeirtear gurb iad na halgaí gormghlasa atá in ann úsáid a bhaint as solas ciandearg.

*C. Tá roinnt cianabaictéar ann nach féidir leo tabhairt faoi ghníomhachtú na ngéinte atá riachtanach le solas ciandearg a ionsú, mar nach bhfuil na próitéiní riachtanacha iontu.*

Is gnáthráiteas den chineál 'faisnéis easnamhach' é seo agus é i bhfad níos deacra fós de bharr go bhfuil cuma loighciúil fhíor ar an maíomh atá á dhéanamh ann.

- is fíor go bhfuil roinnt cianabaictéar ann nach féidir leo solas ciandearg a úsáid
- dealraíonn sé loighciúil go bhféadfadh an scéal a bheith amhlaidh de bharr nach bhfuil na géinte riachtanacha á ngníomhachtú
- dealraíonn sé loighciúil freisin gurbh fhéidir go bhfuil an scéal amhlaidh de bharr go bhfuil na próitéiní riachtanacha ar lár

An rud nach mór dúinn a thuiscint anseo gur bhaineamar úsáid as roinnt toimhdí nach bhfuil bunús leo leis an tátal seo a bhaint amach. Le fírinne, níl tuairim dá laghad againn céard is cúis leis an gcás nach féidir le roinnt cianabaictéar solas ciandearg a ionsú, agus ní thugtar ár ndóthain faisnéise dúinn chun maíomh a dhéanamh maidir leis na próitéiní a theastaíonn leis na géinte a ghníomhachtú.

*D. Faoin bpróiseas ionsúite solais a bhfuil cur síos air anseo, déantar próitéiní nua a chur in ionad 17 bpróitéin atá ann cheana, ach ní gá athruithe móra géiniteacha a dhéanamh.*

Tá an ráiteas sin bréagach. Cé go bhfuil maíomh ceart ag an tús (bíonn gá le 17 bpróitéin a ionadú sa phróiseas), tá alt deiridh an tsleachta i gcontrárthacht fhollasach leis an dara cuid den ráiteas: déantar cur síos ann ar athruithe móra géiniteacha a bheith ar siúl sna baictéir seo agus déantar líon mór géinte a ghníomhachtú agus a mhúchadh leis an méid sin a bhaint amach.

Agus anailís déanta againn ar na ceithre ráiteas thuas, is léir dúinn go bhfuil ráiteas fíor amháin (an freagra ceart) inár mír thástála shamplach, ráiteas amháin den chineál "faisnéis easnamhach" nó "ní féidir a rá", agus dhá ráiteas bhréagacha. Ó thaobh dearaidh de, tá an mhír tástála thuas ar mheándeacracht, agus beidh míreanna ar dheacracht inchomparáide nó ar dheacracht níos mó i dtástáil réasúnaíochta briathartha EPSO do Riarthóirí.

Dírímis ar n-aird anois ar na tosca a liostaíodh cúpla leathanach roimhe seo – taithí ar theicnící amhail am agus modh briathair nó ginearáluithe a bheidh ina gcuidiú agat déanamh amach cé acu aicme a mbaineann gach ráiteas i dtástáil leis, rud a thabharfaidh caoi duit teacht ar an bhfreagra ceart go han-scafánta.

## *An Ról a Bhíonn ag Topaicí a bhFuil Eolas Againn Orthu agus ag Topaicí Nach bhFuil*

Bíonn an-éagsúlacht go minic i dtopaicí na dtéacsanna i dtastálacha réasúnaíochta briathartha. D'fhéadfadh dlúthbhaint a bheith acu le cúrsaí an Aontais Eorpaigh (tuairiscí ar bheartais, nuacht AE) nó b'fhéidir nach mbeadh baint acu le cúrsaí an Aontais in aon chor, agus go ndéileálfaí iontu leis an stair, an ealaín, an nádúr, an eolaíocht agus teicneolaíocht, an ceol, agus mar sin de. Bunaithe ar a gcuid réimsí spéise agus caitheamh aimsire, bíonn rogha ábhair amháin nó an iomad acu ag formhór na n-iarrthóirí; má bhíonn féin, ba chóir go mbeadh ábhar an téacs iomlán neamhábhartha ó thaobh feidhmiú go maith sa tástáil de. Cé gur ábhar imní é aghaidh a thabhairt ar ábhar atá iomlán aduain duit, bíonn a chontúirtí féin ag roinnt le hábhar aithnidiúil, mar nach ceadmhach duit ach an fhaisnéis atá sa téacs a úsáid, ach ní do chuid eolais féin.

Déanaimis na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le hábhair aithnidiúla agus neamhaithnidiúla a mheas.

Mar a fheicimid, níl aon argóint shuntasach ann ar son nó i gcoinne tóir a bheith agat ar ábhair aithnidiúla. Tá a thuislí agus a bhuntáistí sainiúla féin ag gach ceann acu.

Mar shampla, má tá an-spéis ag iarrthóir sa taiscéalaíocht spáis agus má léann sé/sí téacs faoi ábhar a bhfuil an-eolas aige/uirthi air, cuir i gcás an spásárthach New Horizons a seoladh leis an ngrianchóras agus i bhfad i gcéin a thaiscéaladh, b'fhéidir go dtaibhseofar dó/di gur cás compordach é ach b'fhéidir go n-imeodh sé/sí ó rath chomh maith céanna. Agus eolas domhain a bheith agat ar ábhar, b'fhéidir go rachadh sé crua ort an fhaisnéis atá sa téacs a scaradh ón eolas atá agat faoin ábhar cheana féin – agus, mar a fheicfimid, tá sé sin ar cheann de na príomhbhotúin a dhéanann iarrthóirí a thugann faoin tástáil. Sa sampla thuas, d'fhéadfadh sé, cuir i gcás, go bhfuil an t-iarrthóir ar an eolas faoi gur thaistil New Horizons ní ba thapúla ná aon taiscéalaí spáis a seoladh roimhe sin ar dtús. Mar thoradh air sin, b'fhéidir go roghnódh an t-iarrthóir ráiteas faoi luas an spásárthaigh mar ráiteas ceart nuair is ráiteas den chineál "ní féidir a rá" atá le roghnú mar nach luaitear an luas sa téacs nó go bhfuil aon tagairt dó débhríoch.

Ar an láimh eile de, tagann scaoll ar iarrthóirí go leor nuair a bhíonn téacs faoi ábhar nár chuir siad spéis ann riamh os a gcomhair. B'fhéidir go mbeadh focail agus nathanna ann nár chuala siad trácht riamh orthu fiú. Mar sin féin, tarlaíonn sé go minic gurb é an t-achar sin ón téacs agus an "oibiachtúlacht" go díreach a thugann caoi dúinn gan ach an fhaisnéis sa téacs a mheas agus an freagra ceart a roghnú go tapa agus go córasach.

| **Ábhar Aithnidiúil (taiscéalaíocht spáis)** | | **Ábhar neamhaithnidiúil (e.g. an bhitheolaíocht mhóilíneach)** | |
|---|---|---|---|
| ***Buntáistí*** | ***Míbhuntáistí*** | ***Buntáistí*** | ***Míbhuntáistí*** |
| *Gnáthfhoclóir* | *Claonadh* | *Gan claonadh ar bith* | *Seans go bhfuil sé sa gnáthchaint* |
| *Aithnidiúlacht* | *Foclóir teicniúil* | *Seans gur ábhar coitianta é* | *Seans go bhfuil foclóir coimhthíoch le háireamh ann* |
| *Gan bheith sa gnáthchaint* | *Toimhdí* | *Gan toimhde ar bith* | *Gan bheith aithnidiúil* |

## *Foinsí Faisnéise*

Nuair a phléamar a aithnidiúla agus atá an t-ábhar, luamar go bhfuil sé ríthábhachtach cuimhneamh ar an bhfaisnéis a mbainimid úsáid aisti agus measúnú á dhéanamh i dtaobh an bhfuil na ráitis sna freagair-roghanna ceart nó nach bhfuil.

Déanaimis an ráiteas seo a leanas ó shliocht téacs samhailteach réasúnaíochta briathartha a mheas: "*caitheann beagnach duine as cúigear fear fásta Eorpach toitíní ar bhonn laethúil go fóill*".

Anois breathnaímis ar fhreagair-rogha theoiriciúil ina bhféadfaimis dul amú de bharr eolas atá againn cheana féin: *"Caitheann beagnach 40 milliún fear fásta Eorpach toitíní ar bhonn rialta go fóill".*

Má tharlaíonn sé go bhfuil a fhios ag an iarrthóir go bhfuil tuairim is 200 milliún fear fásta san Eoraip agus má bhaineann sé/sí úsáid as an eolas sin agus an tástáil á déanamh aige/aici, b'fhéidir go roghnódh sé/sí an fhreagair-rogha thuas mar fhreagra ceart – agus pointe a chailliúint dá réir, mar nach féidir leis an ráiteas a bheith ceart mura bhfuil faisnéis faoi dhaonra na bhfear fásta san Eoraip sa téacs.

Mar sin de tá sé ríthábhachtach cuimhneamh go gcaithfear na ráitis sna freagair-roghanna a mheas bunaithe ar an bhfaisnéis atá sa téacs, agus ar an bhfaisnéis sin amháin.

Bíonn sé an-chontúirteach go háirithe nuair a bhíonn ar áireamh sa ráiteas an cineál faisnéise a bhfuil an chosúlacht uirthi gurb eol do "chách" í, ní hé amháin go n-aithníonn tusa í de bharr do chuid saineolais féin. Ar na samplaí de sin bheadh: "Tá geilleagar na Gearmáine níos mó ná geilleagar na Gréige"; "reáchtáiltear na Cluichí Oilimpeacha uair gach ceithre bliana"; "is mó d'aigéan ná de thalamh é dromchla an Domhain". Bí san airdeall faoi mbaol seo. Tá samplaí go leor dá leithéid sin sna ceisteanna tástála sa chéad chaibidil eile.

## *Toimhdí*

Sa sampla roimhe seo, chonaiceamar cás inar glacadh toimhde (cuma má bhí sé fíor nó bréagach) maidir le ráiteas bunaithe ar eolas "seachtrach". Déanaimis sampla eile a mheas.

*"Má dhéantar aclaíocht fhisiciúil shainiúil is amhlaidh a laghdaítear an seans go bhforbrófar deacrachtaí gluaiseachta áirithe sa tseanaois."*

Seo a leanas freagair-rogha fhéideartha: *"Má dhéantar rothaíocht ar feadh 30 nóiméad gach lá is amhlaidh a laghdaítear an seans go bhforbrófar an réamatacht níos déanaí."*

Seans go mbeidh an cathú ar dhuine an fhreagair-rogha thuas a roghnú mar fhreagra ceart. Má roghnaíonn, tá dhá thoimhde á ndéanamh againn.

1. Tá an rothaíocht ar na babhtaí aclaíochta sainiúla sin atá úsáideach chun críche a leithéide.
2. Tá an réamatacht ar na deacrachtaí sin a bhaineann le gluaiseacht a bhféadfaí cosc a chur léi ar bhealach dá leithéid.

Más ceart an fhreagair-rogha thuas i ndáiríre, braitheann an méid sin go hiomlán ar an bhfaisnéis eile atá sa téacs maidir le haclaíocht fhisiciúil shainiúil agus maidir leis na cineálacha deacrachtaí a bhaineann le gluaiseacht. Cuir i gcás, ní dhéantar aon tagairt don rothaíocht sa téacs, agus is bréagthoimhde an rothaíocht a mheas mar cheann den chineál aclaíochta sin, rud a fhágann go gcaillfimid pointe luachmhar sa tástáil. Chomh maith leis sin, níl ann ach léirmhíniú (toimhde) dár gcuid gur deacracht a bhaineann le gluaiseacht í an réamatacht a bhféadfaí cosc a chur léi ar an mbealach seo – mura dtugtar an fhaisnéis sin sa téacs féin.

## *Ráitis Chearta i gComparáid le Ráitis Mhíchearta*

Cé gur beag comórtas tastálacha réasúnaíochta briathartha de chuid EPSO nach mbíonn míreanna ceiste den chineál *"Cé acu de na ráitis seo a leanas atá ceart?"* iontu, is tábhachtach féidearthacht eile a lua – nuair is ceist den chineál *"Cé acu de na ráitis seo a leanas atá mícheart?"* í an cheist.

Baineann na prionsabail chéanna a phléamar cheana leis an gcás seo freisin, ach ní mór dúinn an bréagráiteas a chuardach – is é bréagráiteas an freagra ceart. Is tábhachtach an méid seo a leanas a lua freisin: má tá an ráiteas mícheart á éileamh sa cheist, b'fhéidir fós go dtiocfadh ráiteas den chineál "faisnéis easnamhach" faoinár mbráid – sa chás seo, áfach, deartar a leithéidí de ráiteas i riocht agus go mbeidh "cuma" mhícheart orthu – rud a thabharfaidh ort a cheapadh go bhfuil siad mícheart i ndáiríre dá réir. Cuimhnigh: má táthar ag súil go roghnóidh tú an fhreagair-rogha mhícheart, cuardaigh ráiteas is féidir a bhréagnú go soiléir agus go cinnte bunaithe ar an bhfaisnéis atá sa sliocht téacs.

Mar phointe deiridh, is fiú pointe a lua a dhealróidh a bheith follasach, seans, ach nach mór a shonrú mar sin féin. Tá sé ríthábhachtach an cheist a léamh go cairéiseach i gcónaí (an ceann díreach i ndiaidh an téacs) agus cuimhneamh ar chóir duit an ráiteas ceart nó an ráiteas mícheart a chuardach. Dá shimplí an chuma atá ar an méid sin, tá pointí go leor caillte ag iarrthóirí i dtástálacha réasúnaíochta briathartha de bharr nár ghlac siad dhá shoicind bhreise leis an gceist a léamh, go háirithe agus iad faoi strus agus faoi bhrú ama an scrúdaithe.

## *Ráitis Neaschoibhéiseacha i gcomparáid le Ráitis atá Díreach mar an gCéanna*

Déan an sampla seo a leanas a mheas:

*"Ní mhaireann go leor aireagán níos mó ná céad bliain gan mhórmhodhnuithe. Orthu siúd tá an baraiméadar."*

Seo a leanas freagair-rogha fhéideartha: *Ó ceapadh é, ní dhearnadh modhnú ar an mbaraiméadar."*

Tá an ráiteas sa fhreagair-rogha an-chosúil leis an bhfaisnéis atá sa sliocht. Baintear úsáid as a lán de na focail chéanna ann, agus cuirtear ciall chosúil in iúl, a bheag nó a mhór. Ach i gcomhthéacs tástáil réasúnaíochta briathartha, ní féidir linn a thuiscint as go bhfuil "gan mhórmhodhnuithe" coibhéiseach le "ní dhearnadh modhnú air". Sa chéad ráiteas tugtar le tuiscint nach ndearnadh athrú ach ar *chuid an bheagáin*; tugtar le tuiscint sa dara ceann nach ndearnadh *athrú ar bith* ar dhearadh an bharaiméadair.

Bíonn sé contúirteach i gcónaí focail agus nathanna cosúla a chuardach sa fhreagair-rogha. Is féidir go gcuirtear difríochtaí céille atá beag ach tábhachtach i bhfolach leis an gcosúlacht agus go gcoisctear ort leanúint ort ag léamh agus freagair-roghanna eile ina bhféadtar teacht ar an gceann ceart a mheas.

Comhairle eile is ea cuardach a dhéanamh i gcónaí ar réimíreanna nó ar aidiachtaí a chuireann athrú ar chiall nó ar scóip an ráitis, amhail "roinnt", "ar éigean", "beagnach", "ní i gcónaí", "ar bith", "go hiomlán", "in aon chor", "go páirteach", "go pointe áirithe", "tríd is tríd", "de ghnáth", "amháin", "ar uairibh", "den chuid is mó", "d'fhéadfaí a rá", "is cosúil" agus eile (féach tuilleadh samplaí thíos).

Cé gur tháinig maolú ar an bhfadhb seo ó 2011 mar go bhfuil tú in ann an tástáil réasúnaíochta briathartha a dhéanamh i do theanga dhúchais (oifigiúil de chuid an Aontais), is fiú fós am a ghlacadh le smaoineamh ar fhocail agus ar nathanna i do theanga féin a chuireann athrú beag ar chiall na habairte a mbíonn siad inti. Is fíor an méid sin go háirithe mar nach n-úsáidimid ár dteanga dhúchais ar bhealach chomh coinsiasach céanna is a úsáidimid an dara teanga agus déantar dearmad ar athruithe beaga céille sa chaint laethúil.

## *Faisnéis á Fágáil ar Lár*

Seo sliocht ó théacs eile:

*"Taitníonn drámaí Shakespeare go mór le luchtanna féachana i gcónaí. In 2010, bhí beagnach 100 tír ann ag a raibh amharclanna ina raibh dráma le Shakespeare sa chlár agus díoladh ticéid le haghaidh na léiriúchán sin le beagnach 15 mhilliún duine.*

Seo a leanas freagair-rogha fhéideartha: *"Tá amharclanna ann a chuireann léiriúcháin de chuid Shakespeare ar stáitse go fóill."*

Tabhair faoi deara go bhfuil cur chuige na freagair-rogha sin éagsúil go hiomlán leis an sliocht ón téacs. Tar éis dóibh an téacs a léamh, d'fhéadfadh an claonadh a bheith sna léitheoirí freagair-roghanna a chuardach ina leagtar béim ar a mhéad agus a thaitníonn drámaí Shakespeare le daoine go fóill. Ní leagtar an bhéim sin inár bhfreagra samplach; ní deirtear ann ach go bhfuil léirithe Shakespeare á stáitsiú i líon neamhshonraithe amharclann go fóill.

Ar an gcéad léamh, dealraíonn sé go bhfuil an fhreagair-rogha in earráid leis an sliocht sa mhéid is nach gcuirtear an tóir a bhíonn ar na drámaí sin in iúl. Ach is ráiteas é atá bailí agus ceart go hiomlán, mar sin féin.

Mar sin de, ní mór dúinn cuimhneamh nach ionann an cás go gcliseann ar ráiteas gach cuid den fhaisnéis a tugadh sa téacs faoi ábhar éigin a chur in iúl agus an cás gur ráiteas mícheart é. Go hachomair, agus mura bhfuil aon chúinse eile ann le cúrsaí a chur as a riocht, ní hionann faisnéis a fhágáil ar lár agus easaontú ná contrárthacht.

## *Ginearáltacht i gcomparáid le Sonraíocht*

Baineann gnáthearráid eile a dhéanann iarrthóirí leis an difríocht idir aicmithe ginearálta agus cásanna sonracha. D'fhéadfadh ceachtar earráid díobh seo a bheith i gceist:

- Ginearálú
- An iomarca sonraíochta

Déanaimis sampla a mheas.

*"Tá an aeráid aigéanach ar an gceann is fliche ar domhan." Bíonn an mheánfhrasaíocht i bhfad níos mó ná mar atá i ngnáthóga ilchríochacha. Tá limistéir áirithe de chuid an Aigéin Atlantaigh ann nach mbíonn d'uireasa báistí ar feadh seachtain iomlán leis na deicheanna de bhlianta."*

Seo a leanas freagair-rogha fhéideartha: *"Ní bhíonn seachtainí atá tirim go hiomlán ag limistéir aigéanacha leis na deicheanna de bhlianta."*

Is éard atá sa ráiteas thuas sampla de ghinearálú ina ndéantar talamh slán de go bhfuil ráiteas a dhéantar faoi chásanna áirithe d'aicmiú (sa chás seo, limistéir Atlantacha) ceart faoin aicmiú go léir (sin, gach limistéar aeráide aigéanaí).

Déanaimis sampla eile a mheas.

*"Bíonn geimhrí agus earraigh níos fliche ag roinnt limistéir aigéanacha faoi mar a bhíonn níos mó báistí sa samhradh agus san fhómhar i limistéir eile."*

Seo a leanas freagair-rogha fhéideartha: *"Bíonn méid na báistí i limistéir aigéanacha difriúil de réir an tséasúir, ag brath ar an láthair gheografach."*

Tá an freagra thuas ceart sa mhéid is go ndeirtear ann go mbíonn méid na báistí difriúil de réir an tséasúir, ach tá sé róshonrach sa mhéid is go ndeirtear ann go braitheann an méid sin ar láthair gheografach – is faisnéis gan bhunús é sin nach bhfuil sa téacs.

## *Cinntithigh agus Cainníochtaí*

Pléifimid anois le fadhbanna atá níos sainteangaí. Cé go bhfuil formhór na gceisteanna a tógadh go dtí seo bailí i ngach teanga a reáchtáiltear an tastáil inti, bíonn ceisteanna a bhaineann le teanga ar leith go sainiúil le meas i gcónaí. Má reáchtáiltear an tástáil i nGaeilge beidh na leideanna seo a leanas úsáideach go díreach don ullmhúchán a bheidh le déanamh agat.

Má dhéanann tú do thástáil i dteanga eile, d'fhéadfadh na rannóga seo a leanas a bheith ina dtreoirlíne a mbeidh tú in ann do theanga féin a mheas lena hais agus liosta de na rudaí ar chóir duit a bheith ag faire amach dóibh a chumadh. Bealach maith leis an méid sin a dhéanamh is ea ailt nuachtáin a léamh agus aird níos mó ná mar is gnách a dhíriú orthu – bíonn iriseoirí gairmiúla i gcónaí cáiréiseach maidir leis an gcaoi a gcumann siad a gcuid ráiteas agus baineann siad úsáid as go leor de na seifteanna teanga a thaispeántar anseo lena gcuid ráiteas a dhéanamh níos cruinne.

Féadann sé a bheith doiligh cinntithigh agus focail a chuireann in iúl cainníochtaí cinnte nó éiginnte a thabhairt faoi deara; is nós lena lán iarrthóirí gan mórán céille a chur ina leith i gcásanna laethúla fiú is go bhféadfaidís athrú mór a chur ar chiall ráitis i gcomhthéacs tástáil réasúnaíochta briathartha.

Bí aireach ar an gciall bheacht atá le roinnt de na cinntithigh is coitianta:

- Is gnách go gciallaíonn an t-alt "an" aon oibiacht nó aon duine nithiúil amháin, nó aon ghrúpa nithiúil amháin: "an t-úll", "an toradh", "na pinn luaidhe [ar an mbord]," agus mar sin de.
- Nuair a fhágtar an t-alt (cinnte) ar lár sa Ghaeilge (nó nuair a úsáidtear an t-alt éiginnte i dteangacha eile e.g. "a/an" sa Bhéarla) gan aon chinntitheach, is gnách gur tagairt é sin d'aon oibiacht nó aon duine neamhshonraithe amháin, nó grúpa neamhshonraithe oibiachtaí nó daoine: "úll", "toradh", "daoine sa Ríocht Aontaithe", agus mar sin de.

Nuair a bhíonn an cinntitheach atá sa téacs ar lár sa fhreagair-rogha nó nuair a bhíonn sé i bhfreagair-rogha eile, ní mór dúinn a bheith amhrasach i gcónaí agus machnamh a dhéanamh ar an ndéantar athrú ar chiall an ráitis de bharr an idirdhealaithe sin nó nach ndéantar.

Is féidir patrún cosúil a thabhairt faoi deara i gcás cainníochtaí. Tagraíonn focail mar "roinnt", "go leor", "an iomad", "a liacht", "líon", "suim", "méid" do líon neamhshonraithe oibiachtaí nó daoine. Ciallaíonn focail mar "gach", "an uile", "go léir", agus "gach aon" gur faoi gach aon bhall de ghrúpa atá an abairt, nó faoi oibiacht ina hiomláine, gan eisceacht.

Is tábhachtach cuimhneamh nach bhfuil na cinntithigh chainníochta sin inmhalartaithe agus má luaitear "go leor tíortha" sa téacs, níl freagair-rogha ina leathnaítear an maíomh go "gach tír" ceart.

## *Minicíocht*

Cás an-chosúil leis seo is ea úsáid a bhaint as dobhriathra trína gcuirtear in iúl a mhinice agus a bhíonn gníomh ar siúl. Tabhair aird faoi leith i gcónaí ar an úsáid a bhaintear as na dobhriathartha mar atá "scaití", "ar uairibh", "uaireanta", "de ghnáth", "go hiondúil", "go minic", "riamh", "choíche", "go deo", "go brách" agus mar sin de.

Cé nach mbíonn ach líon teoranta táscairí nithiúla ann sa Ghaeilge i.e. "riamh"/"choíche"/"go deo"/"go brách" agus "i gcónaí", agus go mbíonn sé an-doiligh an difríocht idir "scaití" agus "ó am go chéile" a shainiú, ní mór dúinn cuimhneamh go mbíonn brí leo sin agus go bhféadfaí athrú suntasach a chur ar chiall ráitis dá mbarr.

D'fhéadfaí an rud céanna a rá faoi aidiachtaí, réamhfhocail agus dobhriathartha trína gcuirtear cróineolaíocht in iúl, mar atá:

- "cheana", "roimhe sin", "níos luaithe", "ar ball", is leideanna iad focail dá leithéid gur tharla eachtra ní ba luaithe ná ceann eile
- Le frásaí mar "idir an dá linn", "ag an am céanna", "i gcomhthráth leis", "go comhuaineach", agus eile, tugtar le tuiscint gur tharla dhá eachtra ag an am céanna

- Leis na frásaí "tar éis," "i ndiaidh", "ina dhiaidh sin," "dá éis sin", "thar a éis sin," "níos déanaí," "níos deireanaí", "níos moille", "ar ball" agus frásaí eile mar iad, cuidítear linn a dhéanamh amach gur lean eachtra amháin eachtra eile ó thaobh ama de.

Cuimhnigh ar na ráitis seo a leanas: "Téim chun na hoibre tar éis dom an bricfeasta a ithe ó ham go chéile", agus "Scaití ithim an bricfeasta tar éis dom dul chun na hoibre". Tá ord intuigthe na ngníomhartha agus a gcuid minicíochta an-difriúil. Sampla eile is ea "Bíonn cleití daite ar éin" i gcomparáid le "Bíonn cleití daite ar roinnt éan": tá an scóip agus an méid an-difriúil.

## *Briathra: Am agus Modh*

Agus baint dhlúth aige leis an bpointe deiridh, bíonn ról ríthábhachtach ag aimsir na mbriathra ó thaobh sraith eachtraí a athchruthú. Cuir i gcás:

*"Go dtí gur éirigh lena dheartháir a ghnólacht idirlín a sheoladh, ba é George an duine ba shaibhre den teaghlach a bhuí lena ghairm bhisiúil mar aturnae rathúil."*

Seo a leanas freagair-rogha fhéideartha: *"Is é George an duine is saibhre den teaghlach."*

Tá an rogha thuas mícheart mar, de réir an téacs, nárbh é an duine ba shaibhre den teaghlach é ach go dtí gur éirigh lena dheartháir a ghnólacht idirlín a sheoladh. Léirítear an fhíric sin tríd an úsáid a bhaintear as an nath "go dtí" agus an aimsir chaite.

Tá ról tábhachtach ag modh briathair maidir lena dhéanamh amach an bhfuil ráiteas ceart nó nach bhfuil.

- Dóchúlacht – ní hé go gciallaíonn an frása "rud a tharlódh" go "dtarlóidh" rud: is coitianta go gciallaíonn "rud a bheadh tar éis tarlú" nár tharla an eachtra i ndáiríre
- Ciallaíonn "rud a d'fhéadfadh tarlú" nach bhfuil in eachtra áirithe ach ceann amháin den iomad torthaí féideartha
- Ciallaíonn "ba chóir rud a dhéanamh" go bhfuil cur chuige áirithe inmholta nó dóchúil, ach nach gá go bhfuil sé dosheachanta nó éigeantach
- Léirítear sa fhrása "ar tí tarlú" go raibh eachtra le tarlú ach go mb'fhéidir gur tharla nó nár tharla an eachtra sin i ndáiríre.
- Tagraítear sa fhrása "ar tí", (e.g. "bhí sé ar tí dul abhaile nuair...") do rún nó do phlean ar dhócha leis go dtarlódh sé nuair a chuir eachtra áirithe isteach air nó nuair a tharla eachtra áirithe

## *Cúisíocht i gcomparáid le Croineolaíocht*

Mar phointe deiridh, ní mór dúinn a lua gur minic a thógtar an dá fheiniméan in ainriocht a chéile. Breathnaímis ar shampla.

*"Tá cuairt tugtha ag an líon is mó cuairteoirí riamh ar Zú San Francisco ó 2005. In 2012, bhronn an Cumann Zó-eolaíochta Domhanda bonn óir air.*

Seo a leanas freagair-rogha fhéideartha: *"Tugann líon níos mó cuairteoirí ná mar a bhí riamh cuairt ar Zú San Francisco gach bliain, agus dá chionn sin bhronn an Cumann Zó-eolaíochta Domhanda bonn óir air."*

I ráiteas na freagair-rogha thuas is ar bhonn mícheart a dhéantar talamh slán de go bhfuil gaol "cúis agus éifeacht" idir líon níos mó cuairteoirí ná mar a bhí riamh ar an zú le blianta beaga anuas agus an bonn óir a fháil. Maidir leis an ráiteas de, níl ann ach go bhfuil an gaol idir an dá rud croineolaíoch. Níl aon fhianaise ann gur bronnadh an bonn óir mar thoradh ar an líon ard cuairteoirí: d'fhéadfadh sé gur bronnadh é mar mholadh ar dhea-choinníollacha coimeádta na n-ainmhithe nó ar chúiseanna eile; ní fios.

Is furasta gaol croineolaíoch a thógáil in ainriocht gaol "cúis agus éifeacht", ach rud amháin a chuideoidh linn cinneadh a dhéanamh is ea na leideanna briathartha a luadh thuas. Ós gnách le déantóirí tástála gan faisnéis dhébhríoch a chur i dtástálacha, féadaimid brath i gcónaí ar tháscairí de ghaol "cúis agus éifeacht" ("dá bharr sin", "dá thairbhe sin", "dá réir sin", "mar gheall ar sin", "mar thoradh air sin") nó ar ghaol croineolaíoch a bheith sa téacs.

## *Modhanna le Tabhairt faoi Cheisteanna na Tástála*

Fillimis ar ár dtéacs samplach:

Baineann baictéir atá ag fás sa neasdorchadas úsáid as próiseas nach raibh ar eolas roimhe seo le fuinneamh a dhéanamh agus ocsaigin a tháirgeadh ó sholas na Gréine – sin a fuair foireann taighde amach. Mar thoradh ar an bhfionnachtain sin, is féidir anois tabhairt faoi thaighde breise atá dírithe ar fhás plandaí a fheabhsú agus ar fhuinneamh a bhaint as an nGrian.

"Léiríomar, i gcás roinnt cianabaictéar, ar a dtugtar 'algaí gormghlasa' freisin, gur féidir leo fás i dtonnfhaid chiandearga solais – raon nach mbíonn le feiceáil go maith ag formhór na ndaoine," a dúirt duine de na taighdeoirí. "Ní bhíonn an solas sin 'le feiceáil' ag formhór na gcianabaictéar ach an oiread. Ach táimid tar éis teacht ar fhoghrúpa nua atá in ann é a ionsú agus a úsáid, agus thángamar ar chuid de na bealaí spéisiúla a ndéanann siad a gcuid géinte a ionramháil le go bhfásfaidh siad agus gan ach na tonnfhaid sin amháin á n-úsáid acu," a dúirt sé.

Léiríodh sna turgnaimh go dtagann na cianabaictéir sin in ionad seacht gcinn déag de phróitéiní i dtrí mhór-choimpléasc ina n-úsáidtear solas agus ag an am céanna go ndéanann siad freisin líocha clóraifille nua atá in ann an solas ciandearg a ghabháil. Fuair na heolaithe amach freisin go ndéanann na horgánaigh an méid sin trí líon mór géinte a chur ar siúl go tapa chun an mheitibileacht a mhodhnú agus go ndéanann siad líon mór géinte eile a mhúchadh ag an am céanna.

(Aistriúchán ar alt in *Science Daily*, 26 Lúnasa 2014)

*Cén acu de na ráitis seo a leanas atá ceart?*

A. An mheicníocht trína ndéanann roinnt cianabaictéar solas ciandearg a ghabháil, b'fhéidir go mbeifí in ann í a úsáid amach anseo le leas a bhaint as cumhacht na Gréine.
B. Baineann algaí gormghlasa úsáid as solas ciandearg – cuireann siad trí phróitéin ina n-úsáidtear solas in ionad líocha clóraifille.
C. Tá roinnt cianabaictéar ann nach féidir leo tabhairt faoi ghníomhachtú na ngéinte atá riachtanach le solas ciandearg a ionsú, mar nach bhfuil na próitéiní riachtanacha iontu.
D. Faoin bpróiseas ionsúite solais a bhfuil cur síos air anseo, déantar próitéiní nua a chur in ionad 17 bpróitéin atá ann cheana, ach ní gá athruithe móra géiniteacha a dhéanamh.

Nuair a bhreathnaíonn duine ar thástáil réasúnaíochta briathartha den chineál thuas an chéad uair, is é an chéad rud a rithfidh le duine go nadúrtha an téacs a léamh, ansin an cheist a léamh, agus na ceithre fhreagair-rogha a léamh ar deireadh. Dá mba mhian linn gach toisc a phléamar sa chaibidil seo a mheas agus "nótaí" meabhracha a dhéanamh díobh trí líne a chur faoi na príomhnathanna sa téacs ag úsáid an mhodha thuas, bheadh an chuma seo a leanas ar an mbeart sin:

Baineann baictéir atá ag fás sa neasdorchadas úsáid as próiseas nach raibh ar eolas roimhe seo le fuinneamh a dhéanamh agus ocsaigin a tháirgeadh ó sholas na Gréine – sin a fuair foireann taighde amach. Mar thoradh ar an bhfionnachtain sin, is féidir anois tabhairt faoi thaighde breise atá dírithe ar fhás plandaí a fheabhsú agus ar fhuinneamh a bhaint as an nGrian.

"Léiríomar, i gcás roinnt cianabaictéar, ar a dtugtar 'algaí gormghlasa' freisin, gur féidir leo fás i dtonnfhaid chiandearga solais – raon nach mbíonn le feiceáil go maith ag formhór na ndaoine," a dúirt duine de na taighdeoirí. "Ní bhíonn an solas sin 'le feiceáil' ag formhór na gcianabaictéar ach an oiread. Ach táimid tar éis teacht ar fhoghrúpa nua atá in ann é a ionsú agus a úsáid, agus thángamar ar chuid de na bealaí spéisiúla a ndéanann siad a gcuid géinte a ionramháil le go bhfásfaidh siad agus gan ach na tonnfhaid sin amháin á n-úsáid acu," a dúirt sé.

Léiríodh sna turgnaimh go dtagann na cianabaictéir sin in ionad seacht gcinn déag de phróitéiní i dtrí mhór-choimpléasc ina n-úsáidtear solas agus ag an am céanna go ndéanann siad freisin líocha clóraifille nua atá in ann an solas ciandearg a ghabháil. Fuair na heolaithe amach freisin go ndéanann na horgánaigh an méid sin trí líon mór géinte a chur ar siúl go tapa leis an meitibileacht a mhodhnú agus go ndéanann siad líon mór géinte eile a mhúchadh ag an am céanna.

*Cé acu de na ráitis seo a leanas atá ceart?*

A. An mheicníocht trína ndéanann roinnt cianabaictéar solas ciandearg a ghabháil, b'fhéidir go mbeifí in ann í a úsáid amach anseo le leas a bhaint as cumhacht na Gréine.
B. Baineann algaí gormghlasa úsáid as solas ciandearg – cuireann siad trí phróitéin ina n-úsáidtear solas in ionad líocha clóraifille.
C. Tá roinnt cianabaictéar ann nach féidir leo tabhairt faoi ghníomhachtú na ngéinte atá riachtanach le solas ciandearg a ionsú, mar nach bhfuil na próitéiní riachtanacha iontu.
D. Faoin bpróiseas ionsúite solais a bhfuil cur síos air anseo, déantar próitéiní nua a chur in ionad 17 bpróitéin atá ann cheana, ach ní gá athruithe móra géiniteacha a dhéanamh.

Is "frásaí a bhfuil amhras fúthu" iad na nathanna a bhfuil líne fúthu de bharr na dtosca éagsúla a phléamar cheana.

Ach cén scéal a bheadh ann dá dtarlódh sé go raibh formhór na dtosca ar dhíríomar aird orthu agus an téacs á léamh againn ar dtús neamhábhartha go hiomlán mar nach mbaineann na freagair-roghanna leis na píosaí sin den téacs? D'fhonn cur amú ama ar fhaisnéis neamhábhartha a sheachaint, tá sé inmholta an cheist agus na freagair-roghanna a léamh ar dtús, ag lorg na n-eochairfhocal agus na bpríomhchoincheap, agus ansin an téacs a léamh, ag díriú airde cheana féin agus ag lorg na bpíosaí sin arb eol dúinn iad a bheith de dhíth orainn chun an cheist a fhreagairt.

Bheadh an chuma seo a leanas ar na nótaí meabhracha a dhéanfaimis ag úsáid an mhodha inmholta seo:

> Baineann baictéir atá ag fás sa neasdorchadas úsáid as próiseas nach raibh ar eolas roimhe seo le fuinneamh a dhéanamh agus ocsaigin a tháirgeadh ó sholas na Gréine – sin a fuair foireann taighde amach. <u>Mar thoradh</u> ar an bhfionnachtain sin, is féidir anois tabhairt faoi thaighde breise atá dírithe ar fhás plandaí a fheabhsú agus ar fhuinneamh a bhaint as an nGrian.
>
> "Léiríomar, i gcás roinnt cianabaictéar, ar a dtugtar '<u>algaí gormghlasa</u>' freisin, gur féidir leo fás i dtonnfhaid chiandearga solais – raon nach mbíonn le feiceáil go maith ag formhór na ndaoine," a dúirt duine de na taighdeoirí. "Ní bhíonn an solas sin 'le feiceáil' ag formhór na gcianabaictéar ach an oiread. Ach táimid tar éis teacht ar <u>fhoghrúpa</u> nua atá in ann é a ionsú agus a úsáid, agus thángamar ar chuid de na bealaí spéisiúla a ndéanann siad <u>a gcuid géinte a ionramháil</u> le go bhfásfaidh siad agus gan ach na tonnfhaid sin amháin á n-úsáid acu," a dúirt sé.
>
> Léiríodh sna turgnaimh go dtagann na cianabaictéir sin in ionad <u>seacht gcinn déag</u> de phróitéiní i <u>dtrí</u> mhór-choimpléasc ina n-úsáidtear solas agus, ag an am céanna, <u>go ndéanann siad líocha clóraifille nua</u> freisin atá in ann an solas ciandearg a ghabháil. Fuair na heolaithe amach freisin go ndéanann na horgánaigh an méid sin trí líon mór géinte <u>a chur ar siúl</u> go tapa leis an meitibileacht a mhodhnú agus go ndéanann siad líon mór géinte eile <u>a mhúchadh</u> ag an am céanna.

Ag úsáid an mhodha seo dúinn, féadaimid neamhaird a dhéanamh de rogha B láithreach nuair a léimid nach gcuirtear rud eile in ionad na líocha clóraifille – is amhlaidh a ghabhann na líocha clóraifille solas ciandearg. Féadtar neamhaird a dhéanamh de rogha D nuair a léimid go dtarlaíonn athrú suntasach géiniteach ionas gur féidir an solas ciandearg a ionsú. Tá rogha C rud beag níos dúshlánaí, ach nuair a thuigimid nach mínítear sa sliocht téacs an fáth nach féidir le cianabaictéir áirithe solas ciandearg a ionsú, is léir gur toimhde gan bhunús atá sa mhíniú iomlán a thugtar sa ráiteas agus féadaimid neamhaird a dhéanamh de go tapa freisin.

Déanaimis achoimre ar an modh thuas i gcúpla pointe.

1. Léigh an cheist ar dtús – an é an ráiteas ceart nó an ráiteas mícheart atáimid a lorg?
2. Léigh na freagair-roghanna agus déan nóta meabhrach de na heochairfhocail agus na téamaí tábhachtacha atá sna ráitis sin.
3. Léigh an téacs trí aird a dhíriú ar na téamaí agus na heochairfhocail a ndearna tú nóta meabhrach díobh agus na freagair-roghanna á léamh agat.
4. Má thagann faoi do bhráid ráiteas sa téacs atá ag teacht go soiléir le freagair-rogha áirithe (nó atá in earraid léi go soiléir, má tá an ráiteas mícheart á lorg agat), agus má tá tú siúráilte den mheasúnú atá déanta agat, féadfaidh tú éirí as an léamh agus bogadh ar aghaidh, agus am luachmhar a shábháil dá réir.
5. Mura bhfuil tú siúráilte den mheasúnú atá déanta agat, féadfaidh tú leanúint ort ag léamh agus na freagair-roghanna a chur as an áireamh, ceann i ndiaidh a chéile. Is anseo a bheidh d'eolas ar na cineálacha féideartha ráitis (fíor, bréagach, faisnéis easnamhach) an-úsáideach – má chuireann tú an t-eolas sin i bhfeidhm i gceart, agus má chuireann tú na modhanna a phléamar sa chaibidil seo sa mheá, ní chuirfidh aon chineál "seachmaill" de chuid údar na míre tástála mearbhall ort.

## *Modhanna Cleachtaidh*

Mar phointe deiridh, tá cúpla moladh anseo maidir leis na modhanna is fearr le hullmhú don tástáil réasúnaíochta briathartha.

- Tosaigh ar an gcleachtadh trí d'am a ghlacadh, gach cineál téacsanna ardleibhéil Gaeilge agus Béarla a léamh, nótaí meabhracha a ghlacadh faoi na "frásaí a bhfuil amhras fúthu" a phléamar sa chaibidil seo.
- Lean ort ag déanamh amhlaidh, ach an tráth seo déan cleachtadh ar na ceisteanna tástála atá sa leabhar seo féin (ar mhaithe leis an gcleachtadh, níor mhiste na coincheapa seo agus an fáth a bhfuil freagair-rogha faoi leith mícheart a scríobh síos i d'fhocail féin chomh maith.)

- Agus an gnáthamh riachtanach maidir leis na príomhfhrásaí agus na príomhchoincheapa a aithint socraithe agat, féadfaidh tú tosú ar am a chur ort féin – tosaigh air trí thomhas a dhéanamh ar an méid ama a thógann sé ort ceist scrúdaithe amháin a fhreagairt.
- Seiceáil cé mhéad am a bheidh agat sa scrúdú agus cé mhéad ceist a bheidh ort a fhreagairt (**mar riail ghinearálta, beidh 35 nóiméad agat le 20 ceist a fhreagairt**).
- Tosaigh ar laghdú a dhéanamh ar an méid ama a thugann tú duit féin le ceist amháin a fhreagairt – go hidéalach, faoi thráth an scrúdaithe, ba chóir go mbeifeá in ann níos mó ceisteanna a fhreagairt san am a chuirtear ar fáil ná mar a theastaíonn sa scrúdú (tá an méid seo riachtanach mar nach féidir leat strus an scrúdaithe a athchruthú, rud a laghdaíonn an fheidhmíocht, gan trácht ar an luas níos moille a bhíonn i gceist agus téacsanna ar scáileán ríomhaire á léamh do na scrúduithe réamh-roghnúcháin)
- Déan iarracht an oiread agus is féidir d'atmaisféar agus d'infreastruchtúr an scrúdaithe a athchruthú tú féin – ná cuir isteach ar an scrúdú agus é ar siúl, téigh chuig áit chiúin, bain úsáid as clog aláraim, agus mar sin de
- Má tá fáil agat ar a leithéid de sheirbhís, níor mhiste tabhairt faoi thástálacha cleachtaidh ar líne, e.g. an suíomh *www.eutraining.eu* – ó tharla go mbeidh scrúdú EPSO le déanamh ar ríomhaire, agus is dea-smaoineamh é dul i dtaithí ar an "gcomhéadan" sula dtabharfaidh tú aghaidh ar an scrúdú féin. Ar fhormhór na suíomhanna dá leithéid tugtar an deis athbhreithniú a dhéanamh ar na tástálacha cleachtaidh a rinne tú agus breathnú ar staitisticí mionsonraithe, d'fheidhmíocht a chur i gcomparáid le feidhmíocht daoine eile agus an feabhas a thagann ort i gcineál áirithe tástála le himeacht ama a thomhas – de réir taithí, bíonn éifeacht shíceolaíoch thar a bheith dearfach ag staitisticí den sórt sin agus bíonn siad ina gcuidiú freisin le léas a chaitheamh ar láidreachtaí agus ar laigí do chuid scileanna i dtástálacha éagsúla.
- Déan iarracht an oiread agus is féidir a léamh ar an scáileáin agus déan tomhas ar an méid ama a thógann sé ort téacsanna ar fhad inchomparáide a léamh (e.g. leathanach amháin arna chóipeáil isteach go Word) i riocht agus go bhféadfaidh tú d'fheidhmíocht a thomhas agus a fheabhsú.